European Food Safety Authority

GNÍOMHAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA – CUR CHUIGE STRAITÉISEACH

Doiciméad a dhéanann Cur Síos ar chur chuige straitéiseach EFSA i ndáil lena ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta.

Arna dhéanamh i Róimh na hIodáile
Ar an 29 Eanáir, 2009

Arna shíniú ag

Diána Bánáti
Cathaoirleach

European Food Safety Authority

Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta – Cur Chuige Straitéiseach

1. In 2006, d'aithin Bord Bainistíochta EFSA an gá le forbairt bhreise ar ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta EFSA mar cheann de na príomh-mholtaí a d'eascair as tuarascáil na Meastóireachta Seachtraí[1] a rinneadh faoi Airteagal 61 dá Rialachán Bunaitheach[2].

2. I bPlean Straitéiseach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) 2009 – 2013, a ghlac Bord Bainistíochta EFSA ar 18 Nollaig 2008, aithnítear na nithe is tábhachtaí lena ngríosaítear athruithe lena n-áirítear domhandú, nuálaíocht mhéadaithe, cúrsaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus athrú aeráide agus na hathruithe sochaíocha agus beartais a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar obair EFSA amach anseo. Leagtar béim ar an ngá le naisc idirnáisiúnta mhéadaithe agus le comhoibriú idirnáisiúnta méadaithe chun aghaidh a thabhairt ar na nithe seo.

3. Is é an tAE an t-onnmhaireoir is mó ar domhan, agus an dara hallmhaireoir is mó ar domhan, de tháirgí bia agus dí, agus is trádálaí tábhachtach d'earraí talmhaíochta é [3]. D'fhéadfadh fachtóirí cosúil le trádáil dhomhanda, taisteal méadaithe agus imirce cur le leathadh idirnáisiúnta rioscaí nua nó rioscaí a bhíodh ann agus a thiocfaidh chun cinn arís (m.sh. ESB). Leagtar béim ar chineál domhanda na rioscaí sa bhiaslabhra agus sa slabhra beathaithe domhanda i staidreamh ón gCóras Mear-rabhaidh um Bia-ábhair agus Beathú 2007 [4] a fuair thart ar 7300 fógra maidir le bia agus beathuithe a allmhairíodh isteach sa Chomhphobal. Tugann trádáil dhomhanda dúshlán do bhainisteoirí riosca, ach chomh maith leis sin, leagann sí béim ar an ngá le comhoibriú idir mheasúnóirí riosca ag an leibhéal idirnáisiúnta.

4. Tá sé de dhualgas ar EFSA a mhisean a chomhlíonadh, is é sin, cabhrú le bainisteoirí riosca ag an leibhéal Eorpach agus i mBallstáit sláinte a chosaint agus muinín as soláthar bia na hEorpa a chothabháil. Chun tacú lena ghnó lárnach caithfidh EFSA a bheith go hiomlán rannpháirteach ag an leibhéal idirnáisiúnta, a bheith ar an eolas faoi dhúshláin dhomhanda maidir le sábháilteacht bia, a bheith in ann rioscaí atá ag teacht chun cinn a aithint, agus a bheith in ann faisnéis agus sonraí a bhailiú, a thiomsú agus a mhalartú le feasacht ar chumarsáid a chéile fad agus atá leibhéal cuí comhoibrithe agus comhleanúnachais á thógáil le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus tríú tíortha araon.

5. Cuirtear an comhthéacs dlíthiúil agus institiúide ina n-oibríonn sé san áireamh i bhforbairt chur chuige EFSA i ndáil lena ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta. Chun go gcomhlíonfaidh EFSA a mhisean agus a thascanna foriomlána, dá bhforáiltear in Airteagal 22 agus Airteagal 23 dá Rialachán Bunaitheach, agus chun go n-éireoidh leis a ghnó lárnach a dhéanamh, caithfidh go mbeidh rochtain ag EFSA ar an mbonn is leithne ar domhan d'fhaisnéis eolaíoch agus de shonraí eolaíocha maidir le rioscaí agus caithfidh sé a bheith páirteach i bhforbairt

---

[1] Moltaí Bhord Bainistíochta EFSA i ndiaidh na Meastóireachta ar ghníomhaíochtaí EFSA a rinneadh faoi Airteagal 61 de 178/2002

[2] *Regulation (EC) No 178/2002 of the European Parliament and Council of 28 January 2002 laying down the general principles and requirements of food law, establishing the European Food Safety Authority and laying down procedures in matters of food safety* [Rialachán (CÉ) Uimh 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaobh cúrsaí sábháilteachta bia.]

[3] Is príomh-pháirtithe trádála iad na SA, náisiúin Eorpacha neamh-AE, an Rúis, an tSín, an Bhrasaíl, an Airgintín, an Téalainn, an India, Vítneam – foinse sonraí agus treochtaí CIAA do 2006

[4] [4]_Airteagal 50.3 178/2002, féach http://ec.europa.eu/food/food/rapidalert/index_en.htm

agus in úsáid modhanna measúnaithe rioscaí a aithnítear go hidirnáisiúnta. De réir Airteagal 23[5] caithfidh EFSA cúnamh eolaíoch agus teicniúil a chur ar fáil i gcás go n-iarrfaidh an Coimisiún é sin, d'fhonn feabhas a chur ar chomhoibriú idir an Comhphobal, tíortha is iarrthóirí, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus tríú tíortha sna réimsí atá cumhdaithe ag a mhisean. De réir Airteagal 33.1 agus Airteagal 33.2 caithfidh EFSA oibriú le tíortha is iarrthóirí, tríú tíortha nó comhlachtaí idirnáisiúnta chun sonraí eolaíocha agus teicniúla ábhartha sna réimsí atá cumhdaithe ag a mhisean a chuardach, a bhailiú, a thiomsú, a anailísiú agus a choimriú[6]. De réir Airteagal 49[7] tá dualgas sonrach ar EFSA oibriú le tíortha a ghlac reachtaíocht Chomhphobail agus a chuir i bhfeidhm í de bhua comhaontuithe a thug siad chun críche leis an gComhphobal Eorpach (m.sh. tíortha CSE-LEE).

Arrangements shall be made under the relevant provisions of those agreements, specifying in particular the nature, extent and manner in which these countries will participate in the Authority's work, including provisions relating to participation in the networks operated by the Authority, inclusion in the list of competent organisations to which certain tasks may be entrusted by the Authority, financial contributions and staff. [Beidh an tÚdarás oscailte do rannpháirtíocht tíortha a ghlac reachtaíocht Chomhphobail agus a chuir i bhfeidhm í sa réimse atá cumhdaithe ag an Rialachán seo de bhua comhaontuithe a thug siad chun críche leis an gComhphobal Eorpach. Déanfar socruithe faoi fhorálacha ábhartha na gcomhaontuithe seo a shonróidh, ach go háirithe, cineál agus méid rannpháirtíocht na dtíortha siúd in obair an Údaráis, agus an bealach ar a nglacfaidh siad páirt san obair sin, lena n-áireofar forálacha a bhainfidh le rannpháirtíocht sna líonraí a fheidhmíonn an tÚdarás, cuimsiú sa liosta de chomhlachtaí inniúla a bhféadfaidh an tÚdarás tascanna áirithe a thabhairt dóibh, ranníocaíochtaí airgeadais agus baill foirne.]

6. Chomh maith leis sin, bunaíonn forálacha agus beartais dhlíthiúla Eorpacha eile creat do chomhoibriú EFSA le tríú tíortha nó le comhlachtaí idirnáisiúnta – m.sh. Cláir Réamhaontachais, Comhaontuithe Comhpháirteacha idir an Comhphobal Eorpach agus na SA chun cur le comhoibriú ar shaincheisteanna eolaíocha agus teicniúla, Comhaontuithe maidir le comhoibriú eolaíoch agus teicniúil etc.

7. In an-chuid réimsí sábháilteachta bia, sábháilteachta beathaithe, fíteashláintíocha agus sláintíocha, tá inniúlacht institiúide agus dhlíthiúil ag an gCoimisiún Eorpach le hionadaíocht a dhéanamh don Chomhphobal Eorpach i bhfóraim idirnáisiúnta. Maidir leis an tacaíocht i ndáil le saincheisteanna eolaíocha agus teicniúla a chuirtear ar fáil don Choimisiún agus é ag glacadh páirte i ndíospóireachtaí idir-rialtasacha, m.sh. in OIE, IPPC, EPPO, OECD, WTO, WHO agus FAO, cuirtear ar fáil í laistigh de chreat na bhfreagrachtaí sainithe dlíthiúla agus institiúide seo. Tá sé tábhachtach gur tacaíocht láidir eolaíoch agus theicniúil a chuirfidh bonn faoi sheasaimh an

---

[5] Airt 23.i - *to provide scientific and technical assistance, when requested to do so by the Commission, with a view to improving cooperation between the Community, applicant countries, international organisations and third countries, in the fields within its mission* [cúnamh eolaíoch agus teicniúil a chur ar fáil i gcás go n-iarrfaidh an Coimisiún é sin, d'fhonn feabhas a chur ar chomhoibriú idir an Comhphobal, tíortha is iarrthóirí, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus tríú tíortha sna réimsí atá cumhdaithe ag a mhisean.

[6] Airt 33.1. *The Authority shall search for, collect, collate, analyse and summarise relevant scientific and technical data in the fields within its mission. This shall involve in particular the collection of data relating to: (a) food consumption and the exposure of individuals to risks related to the consumption of food; (b) incidence and prevalence of biological risk; (c) contaminants in food and feed; (d) residues.* [Cuardóidh, baileoidh, tiomsóidh, anailíseoidh agus coimreoidh an tÚdarás sonraí eolaíocha agus teicniúla ábhartha sna réimsí atá cumhdaithe ag a mhisean. Beidh i gceist leis seo, ach go háirithe, sonraí a bhailiú a bhaineann le: (a) tomhaltas bia agus nochtadh daoine do rioscaí a bhaineann le tomhaltas bia; (b) minicíocht agus leitheadúlacht riosca bhitheolaíoch; (c) éilleáin i mbia agus i mbeathú; (d) iarmhair.]

Airt. 33.2. *For the purposes of paragraph 1, the Authority shall work in close cooperation with all organisations operating in the field of data collection, including those from applicant countries, third countries or international bodies*. [Chun críocha mhír 1, oibreoidh EFSA go dlúth le gach eagraíocht a oibríonn sa réimse de bhailiú sonraí, lena n-áirítear eagraíochtaí ó thíortha is iarrthóirí, ó thríú tíortha nó comhlachtaí idirnáisiúnta.]

[7] Airt. 49 *The Authority shall be open to the participation of countries which have concluded agreements with the European Community by virtue of which they have adopted and apply Community legislation in the field covered by this Regulation.*

Choimisiúin, agus mar sin faoi sheasaimh Eorpacha, tacaíocht a fhorbrófar agus eolas iomlán ar fhaisnéis, ar fhianaise, ar shonraí agus ar chleachtais mheasúnaithe riosca idirnáisiúnta.

8. Maidir le measúnuithe riosca, meastóireachtaí eile, agus bailiú agus anailísiú sonraí agus faisnéise déanta ag coistí idirnáisiúnta agus ag comhlachtaí eile, go háirithe iad siúd atá faoi choimirce FAO/WHO, OECD, OIE agus IPPC, úsáidtear mar thagairtí idirnáisiúnta iad agus ar deireadh cuireann siad bonn faoi na caighdeáin a úsáidtear do thrádáil idirnáisiúnta. Tá sé tábhachtach go dtabharfaidh siad léiriú iomlán ar an measúnú riosca de réir mar a bhaineann sé leis an Eoraip, agus tá gá soiléir le hionchur Eorpach i measúnuithe dá leithéid agus sna modheolaíochtaí measúnaithe riosca a úsáidtear. I gcomhréir lena shainordú agus leis an gcreat institiúide, caithfidh EFSA a bheith in ann cur le gníomhaíochtaí measúnaithe riosca idirnáisiúnta agus foghlaim ó ghníomhaíochtaí den sórt sin, agus caithfidh sé a bheith leabaithe go hiomlán sa phobal eolaíochta idirnáisiúnta.

9. Tá straitéis um chomhoibriú leis na Ballstáit i bhfeidhm ag EFSA cheana féin[8] agus chuir sé athbhreithniú eatramhach uirthi faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta le deireanas.[9] Chabhraigh taithí a fuair sé ón ngníomhaíocht seo le EFSA machnamh a dhéanamh ar chomhoibriú ag an leibhéal idirnáisiúnta.

10. Is eagraíocht aibí é EFSA anois, agus mar sin tá sé in am is i dtráth dó a fhís agus a chuspóirí príomhúla a leagan amach i ndáil lena ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta. Le linn a chéad 6 bliana ar an saol, chruthaigh EFSA naisc dhlútha ar bhonn ad hoc leis na heagraíochtaí siúd i dtríú tíortha agus ag an leibhéal idirnáisiúnta a dhéanann gníomhaíochtaí a bhaineann le sainordú EFSA agus d'fhorbair sé teagmhálacha indibhidiúla le heolaithe príomhúla ar fud an domhain chomh maith.

11. Tá sé d'aidhm ag an doiciméad seo cur chuige straitéiseach a sholáthar do ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta EFSA agus leagann sé amach a chuspóirí agus a thosaíochtaí maidir lena obair reatha a chomhdhlúthú agus tionscnaimh amach anseo a aithint.

Cuspóirí EFSA maidir lena ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta

12. Chun go gcomhlíonfaidh EFSA a mhisean iomlán maidir le measúnú riosca agus cumarsáid, chun cabhrú le bainisteoirí riosca an AE agus chun a áirithiú go mbeidh an bonn eolaíoch is urrúnta ag bearta chun sláinte a chosaint agus chun muinín as córas bia na hEorpa a chothabháil, d'aithin EFSA na 4 chuspóir phríomhúla seo a leanas i ndáil lena ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta.

I Tacú leis an AE agus a thiomantais idirnáisiúnta á gcomhlíonadh aige

13. Tacaíonn EFSA leis an gCoimisiún ina chlár idirnáisiúnta agus ina thiomantais idirnáisiúnta. I gcomhar leis an gCoimisiún, d'aithin EFSA na príomh-Choistí Codex a d'fhéadfadh cabhair EFSA a bheith ag teastáil uathu agus chuir sé in ord tosaíochta iad.[10] Ach go háirithe, glacann saineolaithe EFSA páirt sna Tascfhórsaí Idir-Rialtasacha Codex Ad Hoc ar Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbaigh agus ar Bhia Díorthaithe ó Bhiteicneolaíocht, chomh maith le cúnamh a thabhairt sna Coistí. Le taobh cabhrú leis an gComhphobal, mar gheall ar rannpháirtíocht EFSA i Codex Alimentarius tá ar a chumas gníomhaíochtaí eolaíocha chomhlachtaí measúnaithe riosca idirnáisiúnta WHO/FAO a réamh-mheas mar is é Codex a thionscnaíonn an-chuid dá dtionscnaimh.

[8] *Strategy for cooperation and networking between the EU Member States and EFSA* [Straitéis don chomhoibriú agus líonrú idir Ballstáit an AE agus EFSA], Nollaig 2006, láithreán gréasáin EFSA, féach http://www.efsa.europa.eu/en/keydocs/docs/msstrategy.pdf

[9]http://www.efsa.europa.eu/cs/BlobServer/DocumentSet/mb181208_item8_doc6a_Interim_review.pdf?ssbinary=true *Interim Review of the Strategy for Cooperation and Networking between EU Member States and EFSA* [Athbhreithniú Eatramhach ar an Straitéis don Chomhoibriú agus Líonrú idir Ballstáit an AE agus EFSA]

[10] Coistí Codex um Iarmhair Lotnaidicídí, Éilleáin Bhia, Breiseáin Bhia, Sláinteachas Bia, Modhanna Anailísithe agus Samplála, Bianna Cothaitheacha d'Úsáidí Speisialta Cothúcháin.

14 Chomh maith leis sin, chabhraigh EFSA leis an gCoimisiún trí thacú le díospóireachtaí an Choimisiúin leis an WTO, EPPO, IPPC, OIE, WHO, FAO agus le díospóireachtaí déthaobhacha le tríú tíortha tríd an mbonn eolaíoch a chur ar fáil do sheasaimh Chomhphobail d'fhonn cabhrú leis an gComhphobal a ndualgais idirnáisiúnta a chomhlíonadh.

15. Tá roinnt gníomhaíochtaí déthaobhacha agus iltaobhacha i bhfeidhm ag an gComhphobal a bhaineann le gníomhaíochtaí agus le dualgais EFSA, m.sh. tionscnaimh faoin *Transatlantic Economic Partnership* [Comhpháirtíocht Eacnamaíochta Thrasatlantach] agus go háirithe an *Risk Assessment Dialogue* [Dialóg Mheasúnaithe Riosca] agus an *Global Risk Assessment Dialogue* [Dialóg Mheasúnaithe Riosca Dhomhanda) ar ghlac EFSA páirt iontu cheana féin.

16. Chabhraigh EFSA leis an gCoimisiún cláir oiliúna eolaíochta a reáchtáil i dtíortha Mercosur agus san Áise d'fhonn tuiscint níos fearr ar mheasúnú riosca agus cumas measúnaithe riosca méadaithe a bhaint amach, agus d'fhonn cabhrú le tíortha is allmhaireoirí tuiscint a fháil ar bhonn eolaíoch bhearta bainistíochta riosca EFSA agus cloí leis na bearta sin. Mar shampla, de bhun iarratais ón gCoimisiún, d'oibrigh EFSA le saineolaithe Rúiseacha le deireanas, ag cur lena saineolas agus lena dtuiscint ar an mbonn eolaíoch do na huasleibhéil cheadaithe d'iarmhair lotnaidicídí san Eoraip.

17. Laistigh den chreat de mhéadú an AE, tá EFSA ag obair le tíortha is iarrthóirí agus tíortha aontachais chun tuiscint ar obair an Údaráis a chur chun cinn, chun saineolas a roinnt, chun meicníochtaí malartaithe faisnéise a chruthú, agus chun rannpháirtíocht údarás náisiúnta i gcleachtais chomhordaithe géarchéime a chur chun cinn. Glacann EFSA páirt i Scéim Comharsanachta na hEorpa i gcomhar leis an gCoimisiún, agus i láthair na huaire tá sé ag obair leis an gCróit, an Tuirc agus le hIar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine agus leis na cúig thír is Iarrthóirí Féideartha sna Balcáin Thiar (an tSeirbia, an Albáin, Montainéagró, an Chosaiv agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin) [11]. Tá baint ag na gníomhaíochtaí seo le sainordú iomlán EFSA agus leanfaidh EFSA ar aghaidh ag tacú leis an gCoimisiún agus na cláir seo á gcur ar fáil aige d'fhonn comhoibriú agus líonrú eolaíoch a threisiú.

Tionscnaimh Phríomhúla

- Ag leibhéal iltaobhach

- An tacaíocht a thugtar do thoscaireachtaí AE i gcruinnithe idir-rialtasacha idirnáisiúnta, cosúil le tascfhórsaí idir-rialtasacha Codex, agus de réir mar is gá in EPPO, IPPC, OIE, Comhairle na hEorpa agus OECD agus i ngníomhaíochtaí ullmhúcháin bainteacha, a shainiú agus a chur in ord tosaíochta i gcomhar leis an gCoimisiún[12].

- Chun bonn níos urrúnta a thógáil do chomhoibriú le comhlachtaí idirnáisiúnta, scrúdú a dhéanamh, i gcomhar leis an gCoimisiún, ar an bhféidearthacht gníomhaíochtaí EFSA a fhrámú mar is cuí sna leasuithe a dhéantar ar chomhaontuithe reatha maidir le malartuithe eolaíocha agus teicniúla a mhéadú.

- Ag leibhéal déthaobhach

- An tacaíocht a thugann EFSA do ghníomhaíochtaí Comhphobail, go háirithe na gníomhaíochtaí siúd a bhaineann leis an *Transatlantic Risk Assessment Dialogue* [Dialóg Mheasúnaithe Riosca Thrasatlantach], an *Global Risk Assessment Dialogue* [Dialóg Mheasúnaithe Riosca Dhomhanda] [13], agus na Cláir Aontachais agus Comharsanachta, a aithint agus a chur in ord tosaíochta.

- Oibriú leis an gCoimisiún, laistigh den chreat dlíthiúil agus institiúide, chun boinn chuí a aithint do chomhoibriú leis na comhlachtaí siúd a dhéanann tascanna cosúil le tascanna EFSA i dTríú

[11] Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA)
http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:L:2006:210:0082:0093:EN:PDF
[12] Mar shampla, cabhrú leis an gCoimisiún trí chomhairle eolaíoch nó theicniúil a chur ar fáil faoi sheasaimh roimh chruinnithe idirnáisiúnta.
[13] Cuimsíonn sé sin tíortha comhpháirtíochta trasatlantacha agus comhlachtaí measúnaithe riosca tríú tíortha eile.

Tíortha d'fhonn comhoibriú agus malartuithe i ndáil le tascanna laistigh de shainordú EFSA a éascú.[14]

II Rochtain ar shonraí agus ar fhaisnéis eolaíoch idirnáisiúnta a áirithiú chun bonn láidir a chur ar fáil do mheasúnú riosca agus d'aithint rioscaí atá ag teacht chun cinn

18. Chomh maith le comhoibriú agus líonrú EFSA le Ballstáit, agus mar aitheantas ar chineál domhanda an-chuid de na rioscaí, tá EFSA ag obair le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus tríú tíortha cheana féin. An cuspóir ná eolas a roinnt trí líonrú, ag éascú rochtana ar eolas, ar shonraí, ar dhea-chleachtais agus ar thimpeallachtaí eolaíocha lasmuigh den Eoraip, chun cur ar chumas EFSA ardfheabhas agus comhleanúnachas eolaíoch a thógáil fad agus a bheidh sineirgí á gcur chun cinn ag leibhéal domhanda.

19. De réir mar a fhoráiltear ina Rialachán Bunaitheach (Airteagal 33), forbróidh EFSA comhoibriú maidir le bailiú sonraí agus faisnéise i réimsí cosúil le tomhaltas bia, minicíocht agus leitheadúlacht riosca bhitheolaíoch, éilleáin i mbia agus i mbeathú agus iarmhair agus sonraí eile atá riachtanach chun cur ar a chumas a shainordú a chomhlíonadh. Maidir leis seo, tá EFSA páirteach i ngníomhaíochta iltaobhacha rialta cheana féin. Mar shampla, trí mheán an *International Food Chemical Safety Liaison Group* [Grúpa Idirnáisiúnta Idirchaidrimh um Shábháilteacht Cheimiceach Bia] bhí sé in ann faisnéis maidir le Bisfeanól A agus Mealaimín a mhalartú, ag oibriú go dlúth leis an gCoimisiún Eorpach, *Food Standards Australia and New Zealand* [Caighdeáin Bhia na hAstráile agus na Nua-Shéalainne], *Health Canada* [Sláinte Cheanada], Coimisiún Sábháilteachta Bia na Seapáine, US FDA agus NZFSA. Feidhmeoidh ardáin dá leithéid mar fhóraim thábhachtacha d'fhorbairt comhoibrithe agus do mhalartú faisnéise, sonraí agus taithí amach anseo.

20. Chomh maith leis sin, cuirfidh EFSA comhoibriú le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le gníomhaireachtaí tríú tíortha chun cinn chun rioscaí atá ag teacht chun cinn agus imthosca riosca atá ag athrú a aithint. Chabhraigh sé sin le tionchar rioscaí domhanda ar chás na hEorpa a réamh-mheas, m.sh. le WHO, OIE agus FAO maidir le Fliú Éanúil. Bainfidh tábhacht mhéadaitheach le comhoibriú den sórt sin amach anseo nuair a bheifear ag déileáil le rioscaí nua nó rioscaí a thiocfaidh chun cinn arís mar gheall ar thrádáil dhomhanda, taisteal agus imirce idirnáisiúnta, athrú aeráide agus teicneolaíochtaí nua. Thionóil EFSA comhdháil i gcomhpháirt le WHO agus FAO cheana féin chun scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna atá ag teacht chun cinn mar gheall ar thionchar an athraithe aeráide ar shábháilteacht bia agus ar chothú. Tá EFSA ina bhall de líonra Infosan WHO freisin agus tá sé leabaithe ina nósanna imeachta éigeandála. Cuirfear feabhas mór ar chumas EFSA tacaíocht eolaíoch a chur ar fáil le linn éigeandála/géarchéime trí naisc agus comhoibriú dá leithéid a bhunú le heagraíochtaí idirnáisiúnta le rochtain ar an bpointe ar shonraí agus ar fhaisnéis eile.

21. Ag an leibhéal déthaobhach, tá comhaontú foirmiúil amháin déanta ag EFSA go dtí seo chun malartú faisnéise le US-FDA[15] a éascú; go príomhúil déanann an comhaontú seo cinnte go n-urramaítear rialacha rúndachta. Mhéadaigh sé sin sreabhadh na faisnéise. Tá an comhaontú ina chuid de shocruithe chun an *Transatlantic Economic Partnership* [Comhpháirtíocht Eacnamaíochta Thrasatlantach] a chur i bhfeidhm[16]. Creideann EFSA go bhféadfaidh comhaontuithe breise a bheith ina gcabhair agus, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, scrúdóidh sé an fhéidearthacht comhaontuithe den sórt sin a dhéanamh, lena n-áireofar laistigh de Rialachán Bunaitheach EFSA agus laistigh de na hionstraimí dlíthiúla comhoibrithe atá ar fáil cheana féin ag an leibhéal Eorpach d'eolaíocht agus do theicneolaíocht le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

Tionscnaimh Phríomhúla

- Maidir leis na réimsí tosaíochta, socruithe a chur i bhfeidhm a úsáidfidh ionstraimí dlíthiúla atá ann cheana chun bonn urrúnta a chur faoi mhalartú sonraí agus faisnéise eile le comhlachtaí ábhartha

[14] Comhaontú idir an Comhphobal agus mar shampla: an Nua-Shéalainn, Comhaontú leis an Astráil etc
[15] *EFSA and FDA Strengthen Cooperation in Food Safety*, láithreán gréasáin EFSA, Iúil 2007, féach http://www.efsa.europa.eu/EFSA/efsa_locale-1178620753812_1178621165446.htm
[16] *Transatlantic Economic Partnership* [Comhpháirtíocht Eacnamaíochta Thrasatlantach] http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2003/october/tradoc_111712.pdf

idirnáisiúnta agus Triú Tíortha d'fhonn bonn cuimsitheach a chur ar fáil dá mheasúnuithe riosca agus dá ghníomhaíochtaí a bhaineann le rioscaí ag teacht chun cinn.

- Comhoibriú idirnáisiúnta a fhorbairt agus scrúdú a dhéanamh ar mheicníochtaí chun malartú tapa faisnéise agus sonraí a éascú, chun feabhas a chur ar chumas EFSA tacú le bainisteoirí riosca i gcás éigeandála.

III Rannpháirtíocht i measúnú riosca ag an leibhéal idirnáisiúnta

22. Déanann roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta measúnuithe riosca sna réimsí céanna a n-oibríonn EFSA iontu. Tá EFSA páirteach i ngníomhaíochtaí measúnaithe riosca ag an leibhéal idirnáisiúnta cheana féin mar tá an-chuid de na heolaithe príomhúla Eorpacha ar Phainéil agus ar Choiste EFSA, agus an-chuid de bhaill foirne EFSA, páirteach i ngníomhaíochtaí na gcoistí measúnaithe riosca idirnáisiúnta agus na ngrúpaí oibre de chuid JMRA, JMPR, agus JECFA. Ar an dóigh chéanna, tugtar cuireadh do shaineolaithe EFSA páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí measúnaithe riosca déanta ag OIE, IPPC, WHO, EPPO agus OECD i gcáil phearsanta. Beidh an rannpháirtíocht seo tábhachtach amach anseo má tá modhanna, sonraí agus dea-chleachtais Eorpacha le bheith curtha san áireamh ag na coistí seo agus má tá obair EFSA le bheith treoraithe go hiomlán ag a ngníomhaíochtaí siúd.

23. Cuireann EFSA tuairimí na gcomhlachtaí seo san áireamh fad agus a scrúdaíonn sé an tsaincheist ón dearcadh Eorpach i gcónaí chun a áirithiú go mbeidh an chomhairle eolaíoch EFSA a chuirfear ar fáil go hiomlán neamhspleách agus go hiomlán ábhartha don chomhthéacs Eorpach. Ghlac EFSA páirt i ndíospóireachtaí leis na comhlachtaí seo chun a aithint conas a d'fhéadfaí measúnuithe riosca, faisnéis agus sonraí a roinnt agus a úsáid chun leasa fhrithpháirtigh, mar shampla (le JECFA ar Aflatocsain). Tá caidrimh dhlútha oibre tógtha ag EFSA lena gcuid rúnaíochtaí chun cur ar chumas a chéile a bheith go hiomlán ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí a chéile. Ar deireadh, má dhéantar comhdhlúthú breise air sin, cabhróidh sé le dúbláil iarrachta a sheachaint agus laghdóidh sé éagsúlachtaí nach bhfuil gá leo.

24. Chomh maith leis sin, díreach roimh a bhfoilsiú agus faoi réir lánchoisc, chuir EFSA oifigí idirnáisiúnta USFDA, USDA, FSANZ, USEPA, Coimisiún Sábháilteachta Bia na Seapáine, *Health Canada* [Sláinte Cheanada], WHO, OIE agus FAO ar an eolas roimh ré faoina mheasúnuithe nuair ba dhóigh go mbeadh tionchar idirnáisiúnta acu.

25. Bunaíodh comhoibriú le comhlachtaí idirnáisiúnta ar shaincheisteanna sonracha freisin. Mar shampla, chomhoibrigh EFSA go dlúth le WHO ar *Enterobacter sakazakii* i mbainne foirmle do naíonáin agus d'oibrigh sé i gcomhpháirt le WHO agus an ECDC ar Fhrithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Frithmhiocróbaigh. Nuair a tharla sé go raibh obair shuntasach mheasúnaithe riosca déanta ag tríú tír, spreag EFSA rannpháirtíocht saineolaithe ábhartha ina ndíospóireachtaí tosaigh fad agus a rinne sé cinnte go mbeadh an tuairim eolaíoch a d'éireodh astu go hiomlán neamhspleách, m.sh. i gcás obair an Choiste Eolaíoch ar chlónáil ainmhithe, spreag EFSA saineolaí FDA chun páirt a ghlacadh sna díospóireachtaí tosaigh den Ghrúpa Oibre.

26. Trí mheán collóiciam agus comhdhálacha, bhí ar chumas EFSA príomhábhair mheasúnaithe riosca agus eolaíocha a roinnt agus a phlé le saineolaithe idirnáisiúnta, agus trí mheán na dialóige sin, d'éirigh leis bonn comhaontaithe a chruthú faoi chuir chuige agus faoi mhodheolaíochtaí m.sh. maidir le measúnú riosca timpeallachta, riosca agus tairbhe, déileáil le substaintí carcanaigineacha agus géineathocsaineacha.

27. Leanfaidh EFSA de ag cur leis na gníomhaíochtaí seo d'fhonn dul i bhfeidhm orthu, rannchuidiú leo agus foghlaim uathu, d'fhonn cur lena ndíospóireachtaí i bhfóraim mheasúnaithe riosca idirnáisiúnta, d'fhonn comhchuibhiú modheolaíochtaí agus treorach a chur chun cinn agus d'fhonn fanacht chun tosaigh i smaointeoireacht mheasúnaithe riosca idirnáisiúnta.

28. Trí mheán a chomhoibrithe idirnáisiúnta, beidh EFSA ag coinne le modheolaíochtaí measúnaithe riosca nua agus aithneoidh sé ábharthacht eolais nua eolaíoch agus teicneolaíochtaí nua do na cleachtais mheasúnaithe riosca atá ann.

Tionscnaimh Phríomhúla

- De réir mar is cuí, cur le comhoibriú reatha le JECFA, JMPR, JEMRA OIE, IPPC, EPPO agus gníomhaireachtaí tríú tíortha ar ghníomhaíochtaí cosúil le clárú measúnaithe riosca, glaonna ar shonraí agus roinnt na faisnéise a úsáidtear chun measúnuithe riosca a dhéanamh.

- Tosaíochtaí measúnaithe riosca atá ag teacht chun cinn ag an leibhéal idirnáisiúnta a aithint agus measúnuithe riosca déanta ag comhlachtaí idirnáisiúnta, tríú tíortha agus réigiúnacha a úsáid a mhéid is féidir, fad agus a choinneofar neamhspleáchas na comhairle eolaíche Eorpaí i gcónaí.

- I gcomhar leis an gCoimisiún, rannpháirtíocht EFSA i dtionscnaimh cosúil le forbairt treoirlínte measúnaithe riosca agus comhchuibhiú modheolaíochtaí measúnaithe riosca ag an leibhéal idirnáisiúnta a shainiú agus a chur in ord tosaíochta.

IV Comhleanúnachas i gcumarsáid riosca a chur chun cinn agus cur le feasacht ar ghníomhaíochtaí EFSA ag an leibhéal idirnáisiúnta

29. Tá gníomhaíochtaí idirnáisiúnta EFSA i ndáil le cumarsáid agus for-rochtain dírithe ar dhá sprioc phríomhúla: comhoibriú a mhéadú chun ról EFSA maidir le bonn eolaíoch a chur ar fáil do bhearta sa Chomhphobal Eorpach sna réimsí de shábháilteacht bia agus beathaithe, cothú, sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus cosaint plandaí a mhíniú agus feasacht ar an ról sin a mhúscailt.

30. Chun comhleanúnachas a mhéadú, d'fhorbair EFSA comhoibriú maidir le cumarsáid riosca le húdaráis sábháilteachta bia Eorpacha ó 2003 i leith.

31. Ar an dóigh chéanna, thosaigh EFSA ag forbairt teagmhálacha le rannóga cumarsáide i gcomhlachtaí tríú tíortha agus idirnáisiúnta agus malartaíonn sé faisnéis, agus roinneann sé taithí i ndáil le saincheisteanna ina n-aithnítear gné idirnáisiúnta.

32. Cuireadh bonn faoin obair seo le córas réamh-fhógartha EFSA lena gcuireann sé comhpháirtithe a bhfuil muinín aige astu ar an eolas faoi mheasúnuithe riosca agus ábhair phreasa áirithe díreach roimh a bhfoilsiú. An cuspóir leis seo ná comhpháirtithe idirnáisiúnta a chur ar an eolas faoi fhógraí poiblí a dhéanfar go luath agus comhleanúnachas a chur chun cinn sa chur chuige maidir le cumarsáid riosca, mar shampla, nuair atáthar ag déileáil le saincheisteanna a bhfuil spéis shuntasach ag na meáin chumarsáide idirnáisiúnta iontu, cosúil le haspairtéim.

33. Ghlac EFSA páirt i gcomhdhálacha idirnáisiúnta ar chumarsáid riosca chun taithí a roinnt, dea-chleachtais a aithint agus comhthuiscint a chur chun cinn. Cuirfidh EFSA leis an gcomhoibriú idirnáisiúnta seo trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar líonraí le rannóga cumarsáide agus for-rochtana in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus tríú tíortha a bhfuil sainorduithe acu atá cosúil le sainordú EFSA.

34. Trí mheán a ghníomhaíochtaí cumarsáide, forbróidh EFSA feasacht agus tuiscint ar ról agus ar aschuir EFSA ag an leibhéal idirnáisiúnta, agus méadóidh sé creidiúnacht an bhoinn eolaíoch a úsáidtear do bhearta Eorpacha a dhéantar sna réimsí atá cumhdaithe ag sainordú EFSA.

Tionscnaimh Phríomhúla

- Cuirfidh EFSA lena ghníomhaíochtaí cumarsáide reatha le comhpháirtithe idirnáisiúnta a bhaineann le gníomhaíochtaí measúnaithe riosca i réimsí comhleasa agus réimsí leasa dhomhanda, ag roinnt faisnéise agus foghlama ar ghníomhaíochtaí cumarsáide agus ag forbairt dea-chleachtas.

- Cuirfidh EFSA lena chleachtas reatha maidir le faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear réamh-fhógra a thabhairt faoi shaincheisteanna sainiúla agus rabhadh luath a thabhairt faoi phríomhfhógraí poiblí sula bhfoilsítear iad, agus maidir le faisnéis a roinnt agus idirchaidreamh a dhéanamh le comhpháirtithe i ndáil le saincheisteanna tráthúla agus a thiocfaidh chun cinn a bhainfidh le hobair EFSA de réir mar a nochtfar sna meáin/ar líne iad.

- Cabhróidh EFSA le hardáin idirnáisiúnta um malartú faisnéise agus taithí agus um fhorbairt cleachtas agus treoirlínte coiteanna a bhunú chun comhleanúnachas i gcumarsáid riosca a áirithiú.

Scála ama agus próiseas an athbhreithnithe

35. Úsáidfear an doiciméad seo mar bhonn do phleanáil níos mionchruinne gníomhaíochtaí idirnáisiúnta a chuimseofar i bPleananna Bainistíochta Bliantúla EFSA, agus ina dhíospóireachtaí leis an gCoimisiún maidir le forbairt a dhéanamh ar a ghníomhaíochtaí idirnáisiúnta laistigh dá chreat dlíthiúil agus institiúide. Déanfar athbhreithniú air i ndiaidh 2.5 bliain nó de réir mar a bheidh gá leis i bhfianaise aon athbhreithnithe ar Phlean Straitéiseach EFSA 2009 – 2013.

European Food Safety Authority

Iarscríbhinn I

Gluais na dTéarmaí

ECDC	An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú
EPPO	*European and Mediterranean Plant Protection Organisation* [Eagraíocht Cosanta Plandaí na hEorpa agus na Meánmhara]
FAO	An Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta
FSANZ	*Food Standards Australia and New Zealand* [Caighdeáin Bhia na hAstráile agus na Nua-Shéalainne]
IPCC	An Painéal Idir-Rialtasach ar Athrú Aeráide
IPPC	*International Plant Protection Convention* [An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chosaint Plandaí]
JECFA	*Joint FAO/WHO Expert Committee on Contaminants and Food Additives* [Comhchoiste Saineolaithe FAO/WHO ar Éilleáin agus ar Bhreiseáin Bhia]
JEMRA	*Joint FAO/WHO Meetings on Microbiological Risk Assessment* [Comhchruinnithe FAO/WHO ar Mheasúnú Riosca Micribhitheolaíoch]
JMPR	*Joint FAO/WHO Meetings on Pesticide Residues* [Comhchruinnithe FAO/WHO ar Iarmhair Lotnaidicídí]
JRC	An tAirmheán Comhpháirteach Taighde
NZFSA	*New Zealand Food Safety Authority* [Údarás Sábháilteachta Bia na Nua-Shéalainne]
OECD	An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta
OIE	An Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe
USDA	*United States Department of Agriculture* [Roinn Talmhaíochta na Stát Aontaithe]
USEPA	*United States Environment Protection Agency* [Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na Stát Aontaithe]
USFDA	*United States Food and Drug Administration* [Riarachán Bia agus Drugaí na Stát Aontaithe]
WHO	An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
WTO	An Eagraíocht Dhomhanda Trádála

Tionscnaimh, Gníomhartha agus Táscairí Ratha Príomhúla a bhaineann le 'Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta EFSA – Cur Chuige Straitéiseach'

San Iarscríbhinn seo tá faisnéis a bhaineann leis na gníomhaíochtaí meántéarmacha atá á ndéanamh chun na tionscnaimh phríomhúla faoi gach cuspóir de'Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta EFSA – Cur Chuige Straitéiseach' a bhaint amach. Déanfar athbhreithniú ar na gníomhaíochtaí seo gach bliain agus cuimseofar sna Pleananna Bainistíochta Bliantúla iad.

Cuspóir I - Tacú leis an AE agus a thiomantais idirnáisiúnta á gcomhlíonadh aige – Leibhéal iltaobhach		
Tionscnaimh Phríomhúla	**Gníomhartha**	**Táscairí ratha**
Ag leibhéal iltaobhach An tacaíocht a thugtar do thoscaireachtaí AE i gcruinnithe idir-rialtasacha idirnáisiúnta, cosúil le tascfhórsaí idir-rialtasacha Codex, agus de réir mar is gá in EPPO, IPPC, OIE, Comhairle na hEorpa agus OECD agus i ngníomhaíochtaí ullmhúcháin bainteacha, a shainiú agus a chur in ord tosaíochta i gcomhar leis an gCoimisiún[17]. Chun bonn níos urrúnta a thógáil do chomhoibriú le comhlachtaí idirnáisiúnta, scrúdú a dhéanamh, i gcomhar leis an gCoimisiún, ar an bhféidearthacht gníomhaíochtaí EFSA a fhrámú mar is cuí sna leasuithe a dhéantar ar chomhaontuithe reatha maidir le malartuithe eolaíocha agus teicniúla a mhéadú.	**Leibhéal iltaobhach** Na tosaíochtaí a phlé leis an gCoimisiún Eorpach agus creat aontaithe a fhorbairt, lena n-áireofar rannpháirtíocht agus cúnamh EFSA a liostú, agus a chinneadh leis an gCoimisiún cé acu na gníomhartha ar chóir dóibh a dhéanamh chun bonn EFSA do mhalartuithe eolaíocha agus teicniúla sa chomhthéacs ilnáisiúnta a fhorbairt – deireadh 2009.	**Leibhéal iltaobhach** Creat aontaithe agus i bhfeidhm

[17] Mar shampla, cabhrú leis an gCoimisiún trí chomhairle eolaíoch nó theicniúil a chur ar fáil faoi sheasaimh roimh chruinnithe idirnáisiúnta.

Cuspóir I - Tacú leis an AE agus a thiomantais idirnáisiúnta á gcomhlíonadh aige – Leibhéal déthaobhach		
Tionscnaimh Phríomhúla	**Gníomhartha**	**Táscairí ratha**
- Ag leibhéal déthaobhach An tacaíocht a thugann EFSA do ghníomhaíochtaí Comhphobail, go háirithe na gníomhaíochtaí siúd a bhaineann leis an *Transatlantic Risk Assessment Dialogue* [Dialóg Mheasúnaithe Riosca Thrasatlantach], an *Global Risk Assessment Dialogue* [Dialóg Mheasúnaithe Riosca Dhomhanda] [18], agus na Cláir Aontachais agus Comharsanachta, a aithint agus a chur in ord tosaíochta. Oibriú leis an gCoimisiún, laistigh den chreat dlíthiúil agus institiúide, chun boinn chuí a aithint do chomhoibriú leis na comhlachtaí siúd a dhéanann tascanna cosúil le tascanna EFSA i dTríú Tíortha d'fhonn comhoibriú agus malartuithe i ndáil le tascanna laistigh de shainordú EFSA a éascú. [19]	**Gníomhartha ag an leibhéal déthaobhach** Na tosaíochtaí a phlé leis an gCoimisiún Eorpach agus creat aontaithe a fhorbairt chun bonn EFSA do mhalartuithe eolaíocha agus teicniúla sa chomhthéacs déthaobhach a fhorbairt – deireadh 2009.	**Déthaobhach** Creat aontaithe agus i bhfeidhm

[18] Cuimsíonn sé sin tíortha comhpháirtíochta trasatlantacha agus comhlachtaí measúnaithe riosca tríú tíortha eile.
[19] m.sh. comhaontuithe cosúil leis na comhaontuithe idir an Comhphobal agus an Nua-Shéalainn, an Astráil etc

Cuspóir II - Rochtain ar shonraí agus ar fhaisnéis eolaíoch idirnáisiúnta a áirithiú chun bonn láidir a chur ar fáil do mheasúnú riosca agus d'aithint rioscaí atá ag teacht chun cinn		
Tionscnaimh Phríomhúla	**Gníomhartha**	**Táscairí ratha**
Maidir leis na réimsí tosaíochta, socruithe a chur i bhfeidhm a úsáidfidh ionstraimí dlíthiúla atá ann cheana chun bonn urrúnta a chur faoi mhalartú sonraí agus faisnéise eile le comhlachtaí ábhartha idirnáisiúnta agus Triú Tíortha d'fhonn bonn cuimsitheach a chur ar fáil dá mheasúnuithe riosca agus dá ghníomhaíochtaí a bhaineann le rioscaí ag teacht chun cinn.	Faoi dheireadh 2010, cuntas agus forbhreathnú a fhorbairt ar fhoinsí úsáideacha sonraí do mhalartuithe sonraí le heagraíochtaí ábhartha tríú tíortha agus idirnáisiúnta, a bhfuil nasc sonrach acu le gníomhaíochtaí measúnaithe riosca agus le gníomhaíochtaí maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn.	Forbhreathnú cuimsitheach ar fhoinsí úsáideacha sonraí forbartha
Comhoibriú idirnáisiúnta a fhorbairt agus scrúdú a dhéanamh ar mheicníochtaí chun malartú tapa faisnéise agus sonraí a éascú, chun feabhas a chur ar chumas EFSA tacú le bainisteoirí riosca i gcás éigeandála.	Oibriú go gníomhach chun teagmhálacha a fhorbairt faoi dheireadh 2010 le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus tríú tíortha atá freagrach as sonraí a bhaineann le láimhseáil éigeandálaí a bhailiú agus a mheasúnú.	Teagmhálacha forbartha agus malartuithe i bhfeidhm

Cuspóir III - Rannpháirtíocht i measúnú riosca ag an leibhéal idirnáisiúnta		
Tionscnaimh Phríomhúla	**Gníomhartha chun an cuspóir a bhaint amach**	**Táscairí ratha**
De réir mar is cuí, cur le comhoibriú reatha le JECFA, JMPR, JEMRA OIE, IPPC, EPPO agus gníomhaireachtaí tríú tíortha ar ghníomhaíochtaí cosúil le clárú measúnaithe riosca, glaonna ar shonraí agus roinnt na faisnéise a úsáidtear chun measúnuithe riosca a dhéanamh.	Oibriú le rúnaíochtaí JEMRA, JECFA, JMPR (OIE, IPPC, EPPO) gach bliain chun faisnéis pleanála riosca a roinnt, chun tosaíochtaí a aithint agus chun measúnú a dhéanamh ar a thionchar sin ar obair EFSA. -Ag tosú Meán Fómhair 09	Clárú agus nithe a chur in ord tosaíochta le haird ar ghníomhaíochtaí comhlachtaí measúnaithe riosca idirnáisiúnta – deireadh 2009
Tosaíochtaí measúnaithe riosca atá ag teacht chun cinn ag an leibhéal idirnáisiúnta a aithint agus measúnuithe riosca déanta ag comhlachtaí idirnáisiúnta, tríú tíortha agus réigiúnacha a úsáid a mhéid is féidir, fad agus a choinneofar neamhspleáchas na comhairle eolaíche Eorpaí i gcónaí.	Faisnéis a bhaineann le gníomhaíochtaí measúnaithe riosca a mhalartú le rúnaíochtaí coistí idirnáisiúnta gach trí mhí chun féidearthachtaí malartaithe sonraí agus comhoibrithe a aithint – deireadh 2009	Malartáin i bhfeidhm ag malartú comhoibrithe rathúil le comhlachtaí measúnaithe riosca idirnáisiúnta – deireadh 2009
I gcomhar leis an gCoimisiún, rannpháirtíocht EFSA i dtionscnaimh cosúil le forbairt treoirlínte measúnaithe riosca agus comhchuibhiú modheolaíochtaí measúnaithe riosca ag an leibhéal idirnáisiúnta a shainiú agus a chur in ord tosaíochta.	Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh CE agus i dtionscnaimh eile chun comhchuibhiú modheolaíochtaí measúnaithe riosca a chur chun cinn agus iarracht ghníomhach a dhéanamh comhoibriú a fhorbairt le comhpháirtithe agus le comhlachtaí idirnáisiúnta i ndáil leis sin - ar siúl go leanúnach.	Páirt á glacadh i ngníomhaíochtaí comhchuibhithe idirnáisiúnta agus obair á déanamh ar thionscadail chomhchuibhithe shonracha.

Cuspóir IV - Comhleanúnachas i gcumarsáid riosca a chur chun cinn agus cur le feasacht ar ghníomhaíochtaí EFSA ag an leibhéal idirnáisiúnta		
Tionscnaimh Phríomhúla	**Gníomhartha**	**Táscairí ratha**
Cuirfidh EFSA lena ghníomhaíochtaí cumarsáide reatha le comhpháirtithe idirnáisiúnta a bhaineann le gníomhaíochtaí measúnaithe riosca i réimsí comhleasa agus réimsí leasa dhomhanda, ag roinnt faisnéise agus foghlama ar ghníomhaíochtaí cumarsáide agus ag forbairt dea-chleachtas.	Forbairt bhreise a dhéanamh ar dhialóg rialta le rannóga cumarsáide agus for-rochtana i ngníomhaireachtaí bia idirnáisiúnta agus tríú tíortha, ag bunú malartáin fhíorúil um roinnt dea-chleachtas agus foghlaim ó chumarsáid riosca – deireadh 2009.	Eislíon fíorúil bunaithe le rannóga cumarsáide agus for-rochtana comhlachtaí idirnáisiúnta agus tríú tíortha ar fáil do EFSA agus do Bhallstáit
Cuirfidh EFSA lena chleachtas reatha maidir le faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear réamh-fhógra a thabhairt faoi shaincheisteanna sainiúla agus rabhadh luath a thabhairt faoi phríomhfhógraí poiblí sula bhfoilsítear iad, agus maidir le faisnéis a roinnt agus idirchaidreamh a dhéanamh le comhpháirtithe i ndáil le saincheisteanna tráthúla agus a thiocfaidh chun cinn a bhainfidh le hobair EFSA de réir mar a nochtfar sna meáin/ar líne iad.	Comhdhlúthú a dhéanamh ar bheartas a bhaineann le réamh-fhógairt agus malartuithe faoi chumarsáid riosca – Meitheamh 2009	Beartas seachadta de réir critéar a comhaontaíodh agus tá comhpháirtithe ar an eolas faoi na socruithe
Cabhróidh EFSA le hardáin idirnáisiúnta um malartú faisnéise agus taithí agus um fhorbairt cleachtas agus treoirlínte coiteanna a bhunú chun comhleanúnachas i gcumarsáid riosca a áirithiú.	Ceardlann bhliantúil le heagraíochtaí príomhúla ag féachaint ar chleachtais, uirlisí agus modhanna cumarsáide riosca, agus ag forbairt líonraithe agus comhoibrithe – lár 2011	Ceardlann rathúil a aithneoidh gníomhaíochtaí príomhúla i ndáil le roinnt bhreise na faisnéise.